CÉN LIATHRÓID IS FEARR AG PREABADH?

J
SÓISEAR

Trealamh:	Liathróidí éagsúla, is fearr iad a bheith thart faoin mhéid céanna le tástáil chothrom a dhéanamh, m.sh. liathróidí leadóige, spúinse, rubair, leadóg boird (*déan iarracht liathróidí móra ar nós liathróidí peile nó cispheile a sheachaint*), téip tomhais. (*D'fhéadfadh na leanaí a liathróidí féin a thabhairt isteach*). Dromchla crua leis na liathróidí a phreabadh as. 
Leibhéal ranga molta:	Na ranganna is óige
Ullmhúchán:	Liathróidí éagsúla a bhailiú
Eolas cúlra:	Preabann liathróidí mar go bhfuil siad laisteach. Nuair a bhualann liathróid dromchla crua athraíonn a chruth, cothromaítear an chuid a theagmhaíonn leis an talamh beagán. Faigheann sé a sheanchruth ar ais go mear agus preabann sé in airde arís.
Ceisteanna spreagtha:	An n-úsáidfeá liathróid marla chun leadóg nó leadóg boird a imirt? Tuige nach n-úsáidfeá? An gceapfá go bpreabfadh an liathróid lábánach go maith? Cén cineál liathróidí is fearr a phreabann dar leat? An mbíonn aon duine agaibh ag amharc ar leadóg ar an teilifís? Cén fáth dar libh a n-athraítear na liathróidí tar éis gach 7 gcluiche ag Wimbledon?" (*Baintear an preabadh as na liathróidí mar go bhfuil cuid den aer buailte amach astu, .i. tá siad beagán níos boige*).
Comhábhar:	**EOLAÍOCHT:** Comhábhair: Airíonna agus saintréithe **MATA:** Uimhir: ordú Tomhais: Fad (caighdeánach nó neamhchaighdeánach) Sonraí: Léiriú
Scileanna:	Tuar, breathnú, fiosrú agus triail, tomhas, taifeadadh.
Nascanna traschuraclam:	

CÉN LIATHRÓID IS FEARR AG PREABADH?

J
SÓISEAR

Gníomhaíocht:

Iarr ar na leanaí a thuar cén liathróid is fearr chun preabadh.

Déan plé ansin ar an teist is fearr a dhéanamh le feiceáil cé a bhí i gceart.

m.sh. "Cad a dhéanfaidh tú?
Cad a tharlóidh, meas tú?"
Conas a dhéanfaimid teist cheart as? (*Na liathróidí a scaoileadh ón airde céanna, anuas ar an dromchla céanna. Ba chóir ligint dó na liathróidí titim seachas iad a chaitheamh.*)

Pictiúr le CLEAPSS 'Teaching Forces' Guide, March 2006

Sa phictiúr seo cad atá á athrú ag na leanaí? Cad ba chóir dóibh a choinneáil mar an gcéanna?

Má bhíonn sé deacair airde a thomhas:

(i) is féidir an preabadh a thaifeadadh mar 'íseal', 'meánach' nó 'ard' agus iad a chur i dtrí charn ar leith; nó

(ii) D'fhéadfadh an leanbh céanna ligean do dhá liathróid titim le chéile (an dóigh is éasca chun liathróidí scaoileadh ag an am céanna!). agus comparáid a dhéanamh idir an preabadh a dhéanann siad.



(iii) Is féidir cairt nó bandaí daite ar an mballa a úsáid chun airde a thomhas.

(iv) Féadfaidh leanaí níos óige píosa corda a úsáid atá gearrtha go gach airde, agus na píosaí corda a chrochadh le comparáid a dhéanamh.

Déanann na leanaí a gcuid torthaí a thaifeadadh, agus cuirtear i gcomparáid leis an tuar a rinne siad iad. Feadfaidh siad a gcuid torthaí a chur i gcomparáid le grúpaí eile. An féidir leo na torthaí a mhíniú?

Sábháilteacht:



Gníomhaíochtaí Leantacha:

Is féidir fiosrú mar an gcéanna a dhéanamh le fáil amach cén dromchla is fearr le haghaidh preabadh.
"An bpreabann liathróidí go maith ar ghaineamh, dar libh?"
"An bpreabann siad go maith ar adhmad?"
Tóg liathróid a phreabann go maith agus lig dó tirim ar dhromchlaí éagsúla m.sh. cairpéid, adhmad, tíleanna, agus déan nóta d'airde an phreabadh.
Coinnigh iad seo mar an gcéanna: liathróid, an airde as a scaoiltear í
Athraigh: an dromchla ar a ligtear don liathróid titim